



An Bhruiséil, 5 Márta 2020  
(OR. en)

6554/20

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2020/0010(NLE)

---

SCH-EVAL 33  
SIRIS 28  
COMIX 84

### TORADH NA nIMEACHTAÍ

---

Ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 5 Márta 2020

chuig: na toscaireachtaí

---

Uimh. an doic. 5558/20 R-UE  
roimhe seo:

---

Ábhar: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaitníodh i meastóireacht 2017 ar an **Ríocht Aontaithe** maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen**

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn a ghabhann leis seo an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaitníodh i meastóireacht a rinneadh ar an Ríocht Aontaithe in 2017 maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, a ghlac an Chomhairle ag an gcuinniú a bhí aici an 5 Márta 2020.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh thromchúiseacha a sainaitníodh i meastóireacht a rinneadh ar an Ríocht Aontaithe in 2017 maidir le cur i bhfeidhm acquis Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen<sup>1</sup>, agus go háirithe Airteagail 1(1)(a) agus 15 (3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é cuspóir an Chinnidh seo a mholadh don Ríocht Aontaithe gníomhaíochtaí feabhais a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaitníodh le linn na meastóireachta ar Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen (CFS) sa bhliain 2017. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2018) 2250 final ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaitníodh le linn na meastóireachta.

---

<sup>1</sup> IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

- (2) Meastar gur dea-chleachtas iad uirlisí tuairiscithe staidrimh agus infhaighteacht tuarascálacha staidrimh mionsonraithe ar shonraí CFS, chomh maith leis an glár athbhreithnithe piaraí arna thionscnamh ag an Oifig Baile a chuimsíonn cuairteanna (meastóireachtaí) chun athbhreithniú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann gach fórsa as CFS.
- (3) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé acquis Schengen a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1-25 thíos. Tá sé tábhachtach na heasnamh thromchúiseacha sin a réiteach láithreach.
- (4) An 29 Márta 2017, thíolaic Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (an ‘Ríocht Aontaithe’) fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le hAirteagal 50(3) CAE, ní bheidh feidhm ag na Conarthaí maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar nó, ina éagmais sin, dhá bhliain tar éis an fhógra sin, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú. Tar éis di an chéad síneadh a chomhaontú an 22 Márta 2019, mar aon leis an dara síneadh an 11 Aibreán 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh (AE) 2019/1810<sup>1</sup> an 29 Deireadh Fómhair 2019, inar chomhaontaigh sí, tar éis iarraidh bhreise a fháil ón Ríocht Aontaithe, go ndéanfaí síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE go dtí an 31 Eanáir 2020.
- (5) I gcomhréir le hAirteagal 50 CAE, tháinig an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú trí chaibidlíocht ina leagtar amach na socruithe maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe, ag féachaint don chreat don chaidreamh a bheidh aici leis an Aontas sa todhchaí (‘an Comhaontú um Tharraingt Siar’). An 11 Eanáir 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/274 maidir le síniú an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar. Tar éis tuilleadh caibidlíochta idir idirbheartaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair 2019, thángthas ar chomhaontú maidir le téacs athbhreithnithe den Chomhaontú um Tharraingt Siar, téacs a d’fhorhuinigh an Chomhairle Eorpach an 17 Deireadh Fómhair 2019.

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE) 2019/1810 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an 29 Deireadh Fómhair 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 278I, 30.10.2019, lch. 1).

An 21 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2019/1750 maidir le síniú an Chomhaontaithe athbhreithnithe um Tharraingt Siar. I gCuid a Ceathair den Chomhaontú um Tharraingt Siar, foráiltear d'idirthréimhse a thosóidh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus a chríochnóidh an 31 Nollaig 2020. Le linn na hidirthréimhse, agus mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh feidhm i gcónaí ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

- (6) Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo ach fad atá feidhm ag dlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.
- (7) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig parlaimintí na mBallstát. Laistigh de mhí amháin ó dháta a ghlactha, ba cheart don Ríocht Aontaithe, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, plean gníomhaíochta a bhunú lena liostaítear na moltaí uile lena leigheastar aon easnaimh a sainaitníodh sa tuarascáil mheastóireachta agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle,

#### MOLANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

gur cheart don Ríocht Aontaithe:

1. áirithiú go gcuirfear na forálacha maidir le coibhéis torthaí agus slándáil sonraí i bhfeidhm go hiomlán i ndáil lena gcóipeanna teicniúla iomlána agus páirteacha i gcomhréir le hAirteagal 9(2), 10(1) agus le hAirteagal 46(2)-(4) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle<sup>1</sup>;
2. scor de chóipeáil neamhdhleathach shonraí CFS isteach san Innéacs Rabhaidh (bunachar sonraí arna úsáid ag Fórsa Teorann na Ríochta Aontaithe ag seiceálacha teorann ar an gcéad líne agus ar an dara líne) agus a áirithiú go gcomhlíonfaidh bainistiú sonraí CFS sa bhunachar sonraí sin forálacha Airteagal 10(1)(c) agus Airteagal 46 (2)-(4) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

---

<sup>1</sup> Cinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle an 12 Meitheamh 2007 maidir leis an dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (CFS II) a bhunú, a oibriú agus a úsáid (IO L 205, 7.8.2007, lch. 63).

3. scor de chóipeáil neamhdhleathach na sonraí CFS atá sa chóip den Warning Index (bunachar sonraí a úsáideann seirbhísí teorann na Ríochta Aontaithe agus iad ag déanamh seiceálacha teorann) atá stóráilte ar ríomhairí glúine cúltaca;
4. i ndáil le foláirimh CFS, deimhin a dhéanamh de go léireofar sa Warning Index an ghníomhaíocht iomlán atá le déanamh, an cineál ciona, grianghraif, más ann do bharántais ghabhála Eorpacha agus méarloirg, an cineál aitheantais agus ailiasanna, naisc, aitheantas ar baineadh mí-úsáid as, agus na marcóirí rabhaidh uile;
5. a cóipeanna teicniúla iomlána agus páirteacha agus an Warning Index a shioncrónú go hiomlán le bunachar sonraí lárnach CFS (CS-SIS) i gcomhréir le forálacha Airteagal 9(2), atá le léamh i gcomhar le hAirteagal 46(2), de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, ionas nach bhfanfadh aon fholáirimh arna scríosadh ag an mBallstát eisiúna ann;
6. seiceálacha comhsheasmhachta sonraí iomlána a dhéanamh ar a cóipeanna teicniúla iomlána agus páirteacha uile i gcomhréir le ceanglais Airteagal 9(2), atá le léamh i gcomhar le hAirteagal 46(2) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
7. scor d'fholáirimh a eisítear faoi Airteagal 36 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, lena ngabhann an ghníomhaíocht 'déan teagmháil le SIRENE láithreach', a athrú ina bhfoláirimh maidir le seiceála discréideacha nó sonracha gan an ghníomhaíocht 'déan teagmháil le SIRENE láithreach' sa Warning Index;
8. deimhin a dhéanamh de go mbeidh gach catagóir foláirimh CFS sa chóip theicniúil Semaphore de CFS (feidhmchlár a úsáidtear chun ards sonraí paisinéirí a phróiseáil), ní hamháin foláirimh ghabhála Airteagal 26 nach bhfuil bratach leo, i gcomhréir le hAirteagal 9(2), atá le léamh i gcomhar le hAirteagal 46(2) agus Airteagal 40, de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
9. beartais náisiúnta a athrú maidir le bratach a chur, ar bhealach chórasach, le foláirimh ghabhála (iarrataí ar eiseachadadh) arna n-eisiúint ag tíortha atá comhlachaithe le Schengen;
10. scor de gach foláireamh ghabhála a bhfuil bratach leis, sa chóip theicniúil de CFS sa Police National Computer (córas faisnéise na bpóilíní), a athrú ina bhfoláirimh maidir le daoine atá á lorg chun cabhrú le nós imeachta breithiúnach;

11. forálacha Airteagal 24 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle maidir le bratach a chur le foláirimh ghabhála a chur i bhfeidhm i gceart trí fhanacht go dtí go gcuirfidh Biúró SIRENE an Bhallstáit, a d'iontráil an foláireamh, an bhratach leis an bhfoláireamh;
12. nós imeachta a thabhairt isteach don Bhiúró SIRENE atá aici chun obair leantach a dhéanamh agus a fhíorú ar chuir an Ballstát eisiúna an bhratach a iarradh leis an bhfoláireamh i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
13. uirlisí teicniúla, nósanna imeachta nó treoirlínte éigeantacha a bhunú le go mbeidh úsáideoirí deiridh in ann grianghraif agus méarloirg a chur i gceangal le foláirimh CFS, ach na grianghraif agus na méarloirg sin a bheith ar fáil, i gcomhréir le forálacha Airteagal 20(3)(f) agus Airteagal 23(2) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
14. foláirimh ghabhála a chur ar fáil láithreach d'úsáideoirí deiridh gan fanacht go ndéanfaidh Biúró SIRENE iad a bhailíochtú;
15. foláirimh maidir le seiceálacha discréideacha nó sonracha lena ngabhann an ghníomhaíocht 'déan teagmháil le SIRENE láithreach', arna n-eisiúint de bhun Airteagal 36(2) agus Airteagal 36(3) de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle, a chur ar fáil láithreach d'úsáideoirí deiridh gan fanacht go ndéanfaidh Biúró SIRENE iad a bhailíochtú;
16. feidhmchlár an Police National Computer a fhorbairt a thuilleadh chun go mbeidh sé in ann sonraí dénártha amhail grianghraif a thaispeáint chomh maith le tagairt a dhéanamh do bharántais ghabhála Eorpacha agus méarloirg a bheith ann;
17. feidhmchlár an Police National Computer a fhorbairt a thuilleadh chun go mbeidh sé in ann an t-aitheantas ar baineadh mí-úsáid as a thaispeáint;
18. cóip theicniúil de CFS sa Police National Computer a shioncrónú go hiomlán le CS-SIS ionas nach bhfanfadh aon fholáirimh arna scríosadh ag an mBallstát eisiúna ann;
19. taispeáint na sonraí ailias a athrú i bhfeidhmchlár an Police National Computer ionas nach bhfanfaidh an stádas aitheantais mar 'arna dheimhniú le grianghraf, le méarloirg nó le DNA';
20. córas bainistithe cásanna SIRENE (CIMS) a fhorbairt a thuilleadh chun go mbeidh sé in ann grianghraf an íospartaigh agus úsáideoir an aitheantais ar baineadh mí-úsáid as a thaispeáint i ngach cás;

21. deimhin a dhéanamh de go bhfuil cúltaca ar fáil den chóip theicniúil de CFS in SIRENE, ós rud é gurb é sin an t-aon fhoinsé sonraí bithmhéadracha CFS d'úsáideoirí deiridh;
22. gach beart is gá a dhéanamh chun deimhin a dhéanamh de go n-urghabhfaidh oifigigh na Ríochta Aontaithe, ar bhealach córasach, na hábhair atá faoi réir fholáireamh Airteagal 38, i gcomhréir le hAirteagal 39 de Chinneadh 2007/533/CGB agus le Foscríbhinn 2 de Lámhleabhar SIRENE<sup>1</sup>;
23. bearta a chur i bhfeidhm ionas nach bhféadfaidh páirtithe neamhúdairithe an fhaisnéis a thaispeántar ar scáileáin ríomhaire i rialuithe teorann céadlíne ag calafoirt na Ríochta Aontaithe a léamh, i gcomhréir le hAirteagal 10 agus Airteagal 40 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
24. ceanglais chasta maidir le pasfhocal a thabhairt isteach sa National Border Targeting Centre i gcomhréir leis na bearta slándála a leagtar síos in Airteagal 10 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
25. deimhin a dhéanamh de go mbeidh gach catagóir d'fholáirimh CFS, go háirithe na foláirimh maidir le doiciméid taistil a cailleadh/a goideadh/a neamhbhailíochtaíodh, agus gach foláireamh laistigh d'aon chatagóir foláirimh, ar fáil ag pointí trasnaithe teorann na Ríochta Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(2), le léamh i gcomhar le hAirteagal 46(2) agus Airteagal 40 de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;
26. feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise a chuireann Biúró SIRENE ar fáil d'úsáideoirí deiridh, go háirithe i gcásanna ina mbaintear mí-úsáid as aitheantas;
27. cur le rannpháirtíocht Bhiúró SIRENE i bpróisis CFS, amhail trí fhaisnéis shoiléir a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh agus oiliúint a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh maidir le cúrsaí a bhaineann le CFS;
28. cur le rannpháirtíocht Bhiúró SIRENE sa chlár athbhreithnithe piaraí;

---

<sup>1</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1528 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2017 lena gcuirtear Iarscríbhinn nua in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2013/115/AE maidir le Lámhleabhar SIRENE agus bearta eile cur chun feidhme don dara glúin de Chóras Faisnéise Schengen (CFS II) (fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2017) 5893) (IO L 231, 7.9.2017, lch. 6).

29. feidhmchlár CIMS a fhorbairt a thuilleadh chun go mbeidh sé in ann leibhéal leordhóthanach uathoibríthe a chur ar fáil i mbainistiú an tsreafa oibre laethúil, chun cásanna a chuardach agus a aisghabháil le cás-ainmneacha ina bhfuil carachtair speisialta, agus chun an marcóir aitheantais ar baineadh mí-úsáid as a chur leis agus a aibhsiú go huathoibríoch;
30. aicearra speisialta a chur ar fáil d'oibreoírí uile SIRENE chun go mbeidh siad in ann cuardaigh a dhéanamh le haghaidh trealamh tionsclaíoch i bhfeidhmchlár CIMS;
31. feidhmchlár an Police National Computer a fhorbairt a thuilleadh chun go mbeidh sé in ann foráil a dhéanamh maidir le difreáil idir Airteagal 36(2) agus 36(3) nuair a bheidh foláireamh á thaispeáint, chun an gníomhaíocht 'déan teagmháil le SIRENE láithreach' a dhéanamh infheicthe, chun an foláireamh nasctha a oscailt go díreach, agus chun béim a leagan ar na naisc le foláirimh daoine;
32. feidhmchlár an Police National Computer a fhorbairt a thuilleadh agus mapáil an stádaís aitheantais 'arna dheimhniú le grianghraf, le méarloírg nó le DNA' a athrú agus é a ailíniú leis an gcoincheap 'aitheantas arna dheimhniú' in CFS;
33. nós imeachta tuairiscithe amais CFS a fheabhsú a thuilleadh agus moilleanna a tharlaíonn de bharr shraith bhreise an tsreafa faisnéise trí na haonaid faisnéise 24/7 a sheachaint; go háirithe, ba cheart deimhin a dhéanamh de gur féidir le húsáideoirí deiridh dul i dteagmháil go díreach le Biúró SIRENE maidir le foláirimh i gcás gurb é 'déan teagmháil le SIRENE láithreach' an gníomhaíocht atá le déanamh;
34. tuilleadh oiliúna a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh maidir le haitheantas ar baineadh mí-úsáid as, le feidhmiúlacht a nascadh, leis an bhféidearthacht pictiúir agus sonraí eile dénártha a aisghabháil ó Bhiúró SIRENE, le gníomhaíochtaí nua in SIS amhail 'déan teagmháil le SIRENE láithreach' agus le doiciméid neamhbhailíochtaithe.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*